Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2024
(OR. en)

10411/24

LIMITE

AG 109
INST 198

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Todhchaí na hEorpa<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ón Uachtaránacht maidir leis an obair a rinneadh faoi Uachtaránacht na Beilge ar an ábhar thuasluaite, a thíolacfar ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 25 Meitheamh 2024 mar mhír aon ghnó eile.

PUBLIC

**Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ó Uachtaránacht na Beilge maidir le Todhchaí na hEorpa**

PUBLIC

## I. Réamhrá

Mar a luaigh Cinn Stáit nó Rialtais an Aontais i nDearbhú Granada (6 Deireadh Fómhair 2023) agus ag an gComhairle Eorpach an 14-15 Nollaig 2023[1], i gcomhthráth leis na hiarrachtaí athchóirithe atá á ndéanamh ag tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit, ní mór don Aontas an réamhobair inmheánach agus na hathchóirithe is gá a leagan síos, d'fhonn an tAontas a neartú agus ceannasacht na hEorpa a fheabhsú. Ar an gcaoi chéanna, mheas Comhairle Eorpach an 14-15 Nollaig 2023, le go n-éireodh leis an lánpháirtiú Eorpach, gur ghá beartais an Aontais a bheith in oiriúint don todhchaí agus go maoineofaí iad ar bhealach inbhuanaithe, bunaithe ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus go leanfadh institiúidí an Aontais de bheith ag feidhmiú go héifeachtach. Chinn an Chomhairle Eorpach freisin go nglacfadh sí, faoi shamhradh 2024, conclúidí maidir le treochlár don obair a dhéanfar amach anseo ar athchóirithe inmheánacha.

Sa chreat sin, chun tacú le hobair na Comhairle Eorpaí, agus ag tógáil ar an obair a rinneadh faoi Uachtaránacht na Sualainne agus Uachtaránacht na Spáinne, d'éascaigh Uachtaránacht na Beilge obair idir mhí Eanáir agus mhí an Mheithimh 2024 maidir le Todhchaí na hEorpa agus go háirithe maidir le hathchóirithe inmheánacha an Aontais. Bhí seisiún tuairimíochta aici le linn chruinniú neamhfhoirmiúil na nArd-Stiúrthóirí um Ghnóthaí Eorpacha an 18-19 Eanáir, le linn chruinniú na Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 19 Márta agus le linn chruinniú neamhfhoirmiúil na Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 30 Aibreán. Áiríodh, sa chruinniú sin an 30 Aibreán, seisiúin thiomnaithe maidir leis an smacht reachta agus maidir le gnéithe bunaitheacha a d'fhéadfadh a áireamh i dtreochlár maidir le hathchóirithe inmheánacha. Ag an am céanna, chothaigh an Uachtaránacht an machnamh ar leibhéal domhain le himeachtaí tiomnaithe, is é sin Seimineár do Stiúrthóirí Ghnóthaí Institiúideacha an Aontais maidir le hacmhainneachtaí Chonarthaí an Aontais i ndáil le cinnteoireacht an Aontais an 14-15 Márta, chomh maith le Comhdháil Bhliantúil Bhuiséad an Aontais an 29 Aibreán, a eagraíodh i gcomhar leis an gCoimisiún agus a bhí dírithe ar ról bhuiséad an Aontais chun an Eoraip a chur in oiriúint don todhchaí, agus ar tháinig seimineár ar leibhéal na saineolaithe ina dhiaidh.

## II. Na príomhthátail

Is féidir roinnt tátal a bhaint as an bplé thuasluaite maidir leis na gnéithe éagsúla d'athchóirithe inmheánacha an Aontais, tátail a d'fhéadfadh bonn eolais luachmhar a chur faoi obair na Comhairle Eorpaí agus Uachtaránachtaí na Comhairle a bheidh ann amach anseo.

---

[1] EUCO 20/23

An tAontas Eorpach is eol dúinne, níor ceapadh é le haghaidh an oird dhomhanda dheighilte ilroinnte atá ann inniu. Le linn Uachtaránacht na Beilge, tháinig cóineasú barúlacha chun cinn gur as an dúshlán triarach atá roimh an Aontas, le fírinne, a eascraíonn an gá leis na hathchóirithe a leanas: (1) a fheidhmiú inmheánach agus a chumas chun gníomhú a choinneáil agus a fheabhsú, (2) oiriúnú do thimpeallacht gheopholaitiúil nua agus do dhomhan atá ag athrú go tapa agus (3) ullmhú don mhéadú, chun an dearcadh marthanach a thabhairt do shaoránaigh uile an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo go gcothaíonn agus go n-áirithíonn an tAontas a rathúnas agus a slándáil. Ba cheart an réasúnaíocht sin a bheith mar chnámh droma ag an obair a dhéanfaimid amach anseo.

A. Luachanna an Aontais

Is Aontas luachanna é an tAontas Eorpach go príomha, atá bunaithe ar urraim don smacht reachta agus don daonlathas. Ní mór don Aontas agus do na tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit a áirithiú go leanúnach go bhfanfaidh an smacht reachta i gcroílár an Aontais féin agus, ina theannta sin, i gcroílár an phróisis aontachais. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint de na sásraí atá ann cheana a úsáid go tapa agus go héifeachtach chun luachanna an Aontais a chosaint a luaithe a bheidh siad faoi bhagairt. Mheas na Ballstáit, i measc nithe eile, go bhfuil an bosca uirlisí maidir leis an smacht reachta dea-fheistithe cheana féin agus, dá mbainfí leas iomlán as, go bhféadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh. Ní mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar conas na huirlisí sin a neartú a thuilleadh chun a áirithiú go gcloífear go comhsheasmhach leis an smacht reachta ar fud an Aontais. Ag an am céanna, ní mheastar gurb inmhianaithe athbhreithniú a dhéanamh ar na Conarthaí i ndáil leis sin ag an gcéim seo. Leagadh béim ar a thábhachtaí atá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus cuireadh go rabhthas i bhfách go mór leis go ndéanfadh na tíortha is iarrthóirí dlúthchomhar le OIPE. Leag na Ballstáit béim freisin ar éifeachtacht na gcoinníollachta airgeadais, agus chuir siad in iúl go bhféadfadh roinnt nósanna imeachta tairbhe a bhaint as soiléiriú breise. Thairis sin, leag na Ballstáit béim ar ról ríthábhachtach na sochaí sibhialta agus ar an ngá atá le nós imeachta Airteagal 7 CAE a shoiléiriú, go háirithe maidir leis an amlíne agus maidir leis na cearta a d'fhéadfaí a chur ar fionraí. Ar deireadh, d'fhéadfadh na Ballstáit tacú le tíortha is iarrthóirí a áireamh san idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta.

B. Beartais an Aontais

Mheas na Ballstáit gur cheart beartais ábhartha uile an Aontais a scrúdú san obair atá á déanamh ar na hathchóirithe inmheánacha. Ba cheart an dá bheartas is dóchúla a mbeidh tionchar ag an méadú orthu a áireamh ar na beartais sin, chomh maith le beartais a dteastaíonn sé uathu go seasfaidh siad an aimsir, go háirithe tar éis sraith géarchéimeanna san Eoraip. Ba cheart an machnamh sin a dhéanamh agus na cuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha don chéad timthriall institiúideach eile á gcur san áireamh chomh maith le dúshláin agus treochtaí eile a bhfuil peirspictíocht níos faide ag gabháil leo. Go háirithe, leagadh béim shonrach ar an Margadh Aonair, ar Iomaíochas an Aontais, ar an gComhbheartas Talmhaíochta agus ar an mBeartas Comhtháthaithe mar bheartais bhunúsacha de chuid an Aontais ar gá scrúdú cúramach a dhéanamh orthu. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil


PUBLIC

beartais sna réimsí a leanas ríthábhachtach sa chomhthéacs sin: an tSaoirse, an tSlándáil agus an Ceartas, an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) agus an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC). Luaigh na Ballstáit freisin a thábhachtaí atá beartais earnála mar a mhínítear i ndearbhú Granada, cuirim i gcás an t-iomaíochas, an chosaint agus an tionscal cosanta, an tslándáil eacnamaíoch, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Tá sé ríthábhachtach an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach a úsáid i ndáil leis sin chun go leanfadh lucht ceaptha beartas de bheith ar an mbóthar ceart.

PUBLIC

Leag na Ballstáit béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí measúnuithe agus anailísí agus go mbeadh sonraí acu. Luadh sa chomhthéacs sin na grinn-athbhreithnithe beartais[2] atá le teacht ón gCoimisiún, Tuarascáil Enrico Letta maidir le Todhchaí an Mhargaidh Aonair, agus an tuarascáil atá le teacht ó Mario Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa.

C. Buiséad an Aontais

I bhfianaise na riachtanas maoiniúcháin a eascraíonn as dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, beidh ról lárnach ag buiséad an Aontais maidir le haghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais agus maidir leis an Aontas mar ghníomhaí geopholaitiúil. Aithníodh go forleathan go gcaithfear an buiséad a bheidh ag an Aontas amach anseo a phlé agus a chinneadh agus comhthéacs foriomlán an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile á chur san áireamh. Cuireadh i gcoinne cur chuige 'gnó mar is gnách' i leith na caibidlíochta don chéad CAI eile.

Maidir leis an gcuid sin de bhuiséad an Aontais a bhaineann le caiteachas, tá cineál nuálach na n-ionstraimí feidhmíochtbhunaithe lena gcomhcheanglaítear athchóirithe agus infheistíochtaí ag spreagadh na díospóireachta reatha maidir leis an gcruth a bheidh ar ionstraimí caiteachais an Aontais amach anseo. Ar an taobh eile, tá sé róluath tátail a bhaint maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. I gcomhthráth leis an méid sin, d'iarr na Ballstáit bealaí nithiúla chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme chistí an Aontais a laghdú.

Maidir le taobh an ioncaim de bhuiséad an Aontais, ní dhearnadh aon dul chun cinn i ndáil le teacht ar chinneadh d'aon toil maidir leis an togra coigeartaithe le haghaidh acmhainní dílse nua, mar a thíolaic an Coimisiún an 20 Meitheamh 2023 é, d'ainneoin na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 1 Feabhra 2024 lena n-athdhearbhaítear a thiomanta atá an tAontas leanúint den obair chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach. Ós rud é nach fada uainn scoithdháta an 1 Eanáir 2028 chun tús a chur le haisíocaíocht phríomhchistí Next Generation EU, is den ríthábhacht dul chun cinn a dhéanamh ar thaobh an ioncaim de bhuiséad an Aontais. Cé go measann go leor Ballstát gur cheart

[2] An 20 Márta 2024, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais, mar rannchuidiú uaidh sula nglacfar, faoi shamhradh 2024, na conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le treochlár don obair a dhéanfar amach anseo agus lena réiteofar an bealach do ghrinn-athbhreithnithe beartais an Choimisiúin a bhfuil coinne leo go luath in 2025.

an chaibidlíocht maidir le hacmhainní dílse nua a bheith fite fuaite leis an gcaibidlíocht maidir le CAI tar éis 2027, tá sé d'aidhm ag cuid eile acu fós teacht ar chomhaontú roimh an togra le haghaidh an chéad CAI eile. Luaigh roinnt Ballstát gur cheart go leanfadh comhroinnt chothrom an ualaigh idir na Ballstáit de bheith ina gné uileghabhálach lena dtreoraítear tabhairt isteach acmhainní dílse nua, agus gur cheart eochair OIN a bheith ina cuspóir soiléir chun cluiche suime nialais idir na Ballstáit a sheachaint. Ina theannta sin, bhí na Ballstáit i bhfabhar fíoracmhainní dílse nach n-eascraíonn (cheana féin) as buiséid náisiúnta.

D. Rialachas an Aontais

Dearbhaíodh ag roinnt cruinnithe gur gá don Aontas a chumas i dtaobh a fheidhmithe inmheánaigh a choinneáil agus a fheabhsú. Ag an am céanna, tugadh tacaíocht fhoriomlán do chur chuige pragmatach, agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé féachaint ar fhéidearthachtaí agus solúbthachtaí Chonarthaí reatha an Aontais chun na críche sin. Tugadh tacaíocht láidir don Uachtaránacht i ndáil le raon feidhme an phlé maidir le nósanna imeachta cinnteoireachta a leathnú chuig an rialachas, ar ábhar níos mó é lena gcumhdaítear freisin iarrachtaí athchóirithe darb aidhm modhanna oibre agus feidhmiú foriomlán an Aontais agus a chuid institiúidí a fheabhsú, idir cheapadh beartais, mheasúnuithe tionchair, anailís agus chur chun feidhme. Leis na hiarrachtaí athchóirithe sin, ba cheart feabhas a chur ar in-fhorfheidhmitheacht agus ar fhorfheidhmiú bheartais agus reachtaíocht an Aontais.

Tugadh roinnt tacaíochta don fhéidearthacht úsáid na vótála trí thromlach cáilithe a mhéadú i roinnt (fo-réimsí de) réimsí beartais (cuir i gcás CBES, beartais shóisialta, cánachas agus an margadh inmheánach) trí úsáid a bhaint as na clásail *passerelle* dá bhforáiltear sna Conarthaí. Meabhraíodh a thábhachtaí atá sé go mbeadh sásra ag gabháil leis an méid sin chun leasanna ríthábhachtacha na mBallstát a chaomhnú.

Féachadh ar an bhféidearthacht úsáid mhéadaithe a bhaint as staonadh inchiallaithe in CBES i gcás inarb í aontoilíocht an riail vótála. Féidearthacht eile a pléadh is ea creat a bhunú le haghaidh úsáid na gceart crosta, is é sin comhaltaí na Comhairle gealltanas a thabhairt gan dul ar iontaoibh a gceart crosta ach amháin ar chúiseanna ríthábhachtacha sonraithe beartais náisiúnta a bhaineann go díreach leis an ngníomh sonrach atá i gceist, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis. Ina theannta sin, féachadh ar an mbealach a bhféadfadh na Ballstáit gealltanas polaitiúil a thabhairt a vóta a mhíniú i gcás ina n-úsáideann siad a gceart crosta.

E. Obair a dhéanfar amach anseo ar athchóirithe inmheánacha an Aontais

Ag an gcruinniú a bheidh aici ag deireadh mhí an Mheithimh 2024, meastar go nglacfaidh an Chomhairle Eorpach conclúidí maidir le treochlár don obair a dhéanfar amach anseo ar athchóirithe inmheánacha, faoi mar a luaitear sna Conclúidí uaithi an 14-15 Nollaig 2023.

Chun cur le hobair na Comhairle Eorpaí, phléigh na Ballstáit gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcomhpháirteanna den treochlár sin ag na cruinnithe a bhí acu sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta agus ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta ar bhonn nóta ón Uachtaránacht.



PUBLIC

Thacaigh na Ballstáit go láidir le cur chuige na hUachtaránachta. Sa chomhthéacs sin, thagair roinnt Ballstát do na trí chúis is bonn leis an gclár oibre maidir le hathchóirithe inmheánacha, agus leag siad béim ar a riachtanaí atá sé don Aontas a bheith réidh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo. Bhí tacaíocht fhorleathan ann don mholadh gur cheart díriú ar an obair maidir le hathchóirithe ar luachanna, ar bheartais, ar bhuiséad agus ar rialachas an Aontais, agus gur cheart an chaibidlíocht atá ar na bacáin maidir le CAI a chur san áireamh tráth a bheidh aghaidh á tabhairt ar an mbuiséad. Beidh tuilleadh ama ag teastáil chun plé a dhéanamh ar an oiriúnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar nósanna imeachta cinnteoireachta. Leag na Ballstáit béim ar a thábhachtaí atá sé cumarsáid níos fearr a dhéanamh leis na saoránaigh sa chomhthéacs sin chun tacaíocht an phobail do na hathchóirithe a áirithiú.

I gcomhréir leis an bplé sin, áirítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Tuarascáil seo ar Dhul Chun Cinn na gnéithe is féidir a áireamh i dtreochlár a mholfaidh an Uachtaránacht.

PUBLIC

# Gnéithe féideartha le haghaidh treochlár maidir le hathchóirithe inmheánacha

PUBLIC

Mar a mheabhraigh an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú a bhí aici an 23-24 Meitheamh 2022, tá lánpháirtiú Ballstát nua san Aontas ag brath ar chomhlíonadh ghnéithe éagsúla chritéir Chóbanhávan[1]: (i) na gnéithe sin atá dírithe ar na tíortha is iarrthóirí; agus (ii) an ghné atá dírithe ar an Aontas féin, ar a chumas a fhorbairt féin a chaomhnú agus a dhoimhniú, lena n-áirítear a chumas comhaltaí nua a lánpháirtiú.

I gcomhréir le Dearbhú Granada, chuir an Chomhairle Eorpach an méid a leanas in iúl:'*Le go n-éireoidh leis an lánpháirtiú Eorpach, agus an tAontas ag méadú amach anseo, ní mór go gcuirfí beartais an Aontais in oiriúint don todhchaí agus go mbeidís á maoiniú ar bhealach inbhuanaithe, bunaithe ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus go leanfadh institiúidí an Aontais de bheith ag feidhmiú go héifeachtach*'[2]; ina theannta sin, chuir sí in iúl gur cheart don mhéadú agus do na hathchóirithe '*dul chun cinn a dhéanamh i gcomhthráth* […] *chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit nua agus an tAontas araon réidh, tráth an aontachais*'[3].

Is é is aidhm don nóta seo gnéithe féideartha a sholáthar le haghaidh an treochláir maidir leis an obair a dhéanfar amach anseo ar athchóirithe inmheánacha, a bheidh le glacadh ag an gComhairle Eorpach faoi shamhradh 2024. Ar bhonn na n-iarrachtaí a rinne Uachtaránachtaí na Sualainne agus na Spáinne, tá na gnéithe sin bunaithe ar an bplé ar thodhchaí na hEorpa sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (an 19 Márta 2024), i gcruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí um ghnóthaí an Aontais (an 30 Aibreán 2024) agus i gcruinniú neamhfhoirmiúil na nArd-Stiúrthóirí um ghnóthaí an Aontais (an 19 Eanáir 2024), chomh maith leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais, a glacadh an 20 Márta 2024.

## Na príomhphrionsabail

- Is é bunchuspóir na n-athchóirithe peirspictíocht mharthanach a thabhairt do shaoránaigh uile an Aontais atá anois ann agus a bheidh ann amach anseo go gcothaíonn agus go n-áirithíonn an tAontas a rathúnas agus a slándáil, trí aontacht agus dlúthpháirtíocht, trí chomhar dílis cuimsitheach, agus trí phrionsabal na coimhdeachta a urramú.
- Tá trí spreagadh mar bhonn agus mar thaca ag an gclár oibre maidir le hathchóirithe inmheánacha:
  - Ní mór don Aontas a chumas i dtaobh a fheidhmithe inmheánaigh a choinneáil agus a fheabhsú.

[1] An Chomhairle Eorpach i gCóbanhávan, an 21 agus an 22 Meitheamh 1993, Conclúidí ón Uachtaránacht
[2] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 14 agus an 15 Nollaig 2023.
[3] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 21 agus an 22 Márta 2024.

- Ní mór don Aontas dul in oiriúint do thimpeallacht gheopholaitiúil nua agus do dhomhan atá ag athrú go tapa.
- Ní mór don Aontas ullmhú don mhéadú. Ba cheart don próiseas athchóirithe sin tarlú ag an am céanna le próiseas an mhéadaithe. Tá an próiseas méadaithe bunaithe ar fhiúntas agus leanfaidh sé a rithim féin.

- San obair ar athchóirithe inmheánacha agus ar fheabhas a chur ar rialachas an Aontais, ba cheart na solúbthachtaí agus na hacmhainneachtaí uile atá ann a fhiosrú.
- Ba cheart, ar bhealach pragmatach, an próiseas a leagan amach sa treochlár don obair ar athchóirithe inmheánacha, le go bhfanfadh sé solúbtha, agus le go bhféadfaí é a thabhairt chun críche agus a fhorbairt de réir mar is gá.
- Ba cheart an obair ar athchóirithe inmheánacha an Aontais a bheith bunaithe ar na ceithre bhloc seo a leanas: Luachanna an Aontais mar chreat bunúsach uileghabhálach, beartais an Aontais, buiséad an Aontais (agus caibidlíocht CAI á cur san áireamh) agus rialachas an Aontais.
- D'fhéadfaí tráthchláir pholaitiúla, seachas spriocdhátaí saorga nó dochta, a áireamh sa treochlár, go háirithe an Clár Oibre Straitéiseach, an togra ón gCoimisiún don chéad CAI eile a bhfuiltear ag súil leis i mí Iúil 2025, chomh maith le grinn-athbhreithnithe beartais an Choimisiúin a bhfuiltear ag súil leo in 2025.
- Ba cheart do na Ballstáit an próiseas a stiúradh ar leibhéil éagsúla:
  - Ba cheart don Chomhairle Eorpach an próiseas a stiúradh, treoir straitéiseach a chur ar fáil agus cúraimí a shannadh dom Chomhairle Gnóthaí Ginearálta.
  - Ba cheart don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an plé sa Chomhairle Eorpach a ullmhú, obair leantach a dhéanamh ar threoir agus ar chúraimí na Comhairle Eorpaí agus aon ionchur a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar fhoirmíochtaí eile de chuid na Comhairle a chomhordú nuair is gá.
  - Ba cheart do Coreper an plé sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta agus sa Chomhairle Eorpach a ullmhú maidir leis an tsaincheist seo.
  - An fhéidearthacht atá ann machnamh a dhéanamh go dtacódh saineolaithe nó oifigigh shinsearacha na mBallstát le hobair na Comhairle maidir leis an tsaincheist sin.
- Is próiseas é a stiúrfaidh na Ballstáit agus ba cheart d'Uachtaránacht na Comhairle, i gcomhar le hArdrúnaíocht na Comhairle, tacú leis an bpróiseas sin.
- Chun machnamh a dhéanamh ar athchóirithe teastaíonn anailísí, measúnuithe agus sonraí. Go háirithe, beidh an t-ionchur ón gCoimisiún tábhachtach, ag tosú lena Theachtaireacht maidir le réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais (an 20 Márta 2024) agus leis na grinn-athbhreithnithe beartais atá ar na bacáin (a bhfuiltear ag súil leo in 2025) chomh maith le tuilleadh measúnuithe agus tuarascálacha a d'fhéadfadh a bheith ann (e.g., Tuarascáil Ardleibhéil ar thodhchaí an Mhargaidh Aonair agus Tuarascáil ar thodhchaí iomaíochas na hEorpa). Thairis sin, an 29 Feabhra 2024 ghlac Parlaimint na hEorpa Rún maidir le lánpháirtiú an Aontais a dhoimhniú i bhfianaise an mhéadaithe a bheidh ann amach anseo.
- Tá rannpháirtíocht na saoránach, an chumarsáid a dhéantar leo agus an trédhearcacht a sholáthraítear dóibh tábhachtach sa chomhthéacs sin chun tacaíocht phoiblí don phróiseas a áirithiú. Ba cheart na hullmhúcháin atá le déanamh ag na tíortha is iarrthóirí ar thaobh amháin, agus ag an Aontas ar an taobh eile, a mhíniú go soiléir do na saoránaigh. Ba cheart freisin na tairbhí a bhainfidh le méadú agus le hathchóirithe inmheánacha an Aontais a mhíniú dóibh, go háirithe maidir leis na bearta a dhéanfar chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ghaolmhara.

## Na príomhchéimeanna

<u>Céim 1</u>: Sainmhíniú ar na huaillmhianta fadtéarmacha agus ar na cuspóirí coiteanna a bheith ag Aontas méadaithe a sheasfaidh an aimsir, Aontas a bheidh in ann gníomhú go héifeachtach i bhfianaise an staid gheopholaitiúil nua agus i bhfianaise dúshláin atá ag éirí níos casta, agus ar bhealaí chun iad a bhaint amach (áirítear sa chéim seo Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029, atá le glacadh ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2024, ach téann sé níos faide ná sin freisin).

PUBLIC

<u>Céim 2</u>: Machnamh ar athchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar (1) luachanna an Aontais, (2) beartais an Aontais, (3) buiséad an Aontais, agus (4) Rialachas an Aontais:

1. machnamh a dhéanamh ar conas uirlisí agus próisis an Aontais atá ann cheana a neartú a thuilleadh chun a áirithiú go ndéanfar an smacht reachta agus luachanna bunúsacha a urramú agus a chosaint ar fud an Aontais.
2. Beartais an Aontais: Ní mór dúinn beartais an Aontais a shainaithint, a shainiú, a mhionsaothrú agus a athbhreithniú a thuilleadh, lena n-áirítear *inter alia* an Margadh Aonair, an t-iomaíochas agus príomhbheartais ghaolmhara, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an Comhbheartas Talmhaíochta, an Beartas Comhtháthaithe, réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais agus an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála. Ba cheart sonraí, go háirithe na grinn-athbhreithnithe beartais a bhfuiltear ag súil leo ón gCoimisiún in 2025, a úsáid chun bunús a thabhairt le haon bhreithnithe a dhéanfar. Chomh maith le tionchar an mhéadaithe, ba cheart na tosaíochtaí beartais arna sainaithint sa Chlár Oibre Straitéiseach a chur san áireamh freisin.
3. Buiséad an Aontais: Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais, beidh an méadú ar cheann de na hábhair a chuirfear san áireamh sa togra ón gCoimisiún atá ar na bacáin don chéad CAI eile (2028–2035) a bhfuiltear ag súil leis i mí Iúil 2025. Agus an chéad phlé eile maidir le CAI á chur san áireamh, ba cheart dúinn grinnscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart nó ar an gcaoi a bhféadfaí forbairt a dhéanamh ar bhuiséad an Aontais amach anseo, lena n-áirítear tríd an athchóiriú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcóras acmhainní dílse.
4. Rialachas an Aontais: ba cheart dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí agus na solúbthachtaí a chuirtear ar fáil leis an gcreat Conartha atá anois ann, *inter alia* maidir leis an méid seo a leanas:
   - modhanna oibre na n-institiúidí, ó cheapadh agus anailís beartais go cur chun feidhme agus forfheidhmiú;
   - cumas na Comhairle cinneadh a dhéanamh, cumas a d'fhéadfaí a fheabhsú, le himeacht ama, trí chlásail *passerelle* a spreagadh a bheadh nasctha le sásraí coimirce iomchuí, agus trí chreat a bhunú le haghaidh úsáid ceart crosta;
   - comhtháthú de réir a chéile, lena n-éascaítear bearta, cearta agus oibleagáidí a chur chun feidhme de réir a chéile go hincriminteach ach go hinchúlaithe freisin, ag tógáil ar na hionstraimí dlíthiúla ábhartha, agus san am céanna ag aithint go hiomlán gurb í an bhallraíocht iomlán sprioc dheiridh an phróisis aontachais, agus sláine an Aontais á caomhnú go hiomlán san am céanna;
   - na sásraí lena gcuirtear ar chumas roinnt Ballstát comhoibriú níos dlúithe i gcásanna sonracha (a bhuí, mar shampla, le comhar feabhsaithe) a cheadú, agus an oscailteacht agus an chuimsitheacht a choinneáil san am céanna agus bunphrionsabail agus sláine an Aontais, lena n-áirítear an Margadh Aonair, a urramú.

<u>Céim 3</u>: Machnamh ar na hionstraimí agus ar na bealaí chun na hathchóirithe féideartha sin a thabhairt isteach. Sa chomhthéacs sin, sa Teachtaireacht uaidh le déanaí maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais, d'fhógair an Coimisiún tograí athchóirithe substainteacha a d'fhéadfadh a bheith ann in earnálacha aonair, ag tógáil ar thoradh na n-athbhreithnithe.